Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9116/1/26**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0068(COD)**

**COMPET 555**
**IND 326**
**MI 454**
**MAP 105**
**FDI 11**
**TRANS 299**
**CLIMA 254**
**ENV 486**
**ENER 239**
**ECOFIN 602**
**UD 136**
**POLCOM 170**
**CODEC 875**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 28 Bealtaine 2026*<br>Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht: an bealach is fearr chun rochtain ar an Margadh Aonair a ghiaráil trí thosaíocht Eorpach agus ceanglais ísealcharbóin<br>*- Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le 'An Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht: an bealach is fearr chun rochtain ar an Margadh Aonair a ghiaráil trí thosaíocht Eorpach agus ceanglais ísealcharbóin' i bhfianaise na díospóireachta beartais ag an gComhairle Iomaíochais, an 28 Bealtaine 2026.

**An Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht (GDT): an bealach is fearr chun rochtain ar an Margadh Aonair a ghiaráil trí thosaíocht Eorpach agus ceanglais ísealcharbóin**

**Comhthéacs**

Is in earnáil monaraíochta an Aontais a bhí 18.3 % d'fhostaíocht an Aontais (nó 30 milliún duine) agus 14.3 % de OTI an Aontais in 2024, agus ghin sí 26.2 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais freisin. Dá bhrí sin, tá ról lárnach aici sa rathúnas eacnamaíoch, san uathriail straitéiseach agus i mbaint amach chuspóirí aeráide an Aontais.

D'ainneoin thábhacht eacnamaíoch na hearnála monaraíochta, tá laghdú tagtha ar a sciar de OTI le blianta beaga anuas ó 17.4 % in 2000 go 14.3 % in 2024. Tá dúshláin roimh an earnáil a eascraíonn as praghsanna fuinnimh atá ard i gcónaí, ró-acmhainneachtaí domhanda, saobhadh idirnáisiúnta ar an iomaíocht, costais arda chaipitil agus oibríochtúla le haghaidh dícharbónú, bacainní rialála chomh maith le nósanna imeachta deonaithe ceadanna atá mall agus dothuartha. Baineann siad sin go léir an bonn dá iomaíochas agus dá chumas dícharbónú a dhéanamh.

Mar thoradh air sin, tá laghdú beagnach 20 % tagtha ar mhéideanna táirgeachta i dtionscail dianfhuinnimh, mar shampla, ó bhí 2019 ann, laghdú i bhfad níos mó ná in earnálacha monaraíochta eile, agus tá roinnt acmhainneachta táirgeachta fós tearcúsáidte agus neamhbhrabúsach.
Gan gníomhaíocht phráinneach chun an treocht a aisiompú, déanfaidh an tAontas dícharbónú trí dhíthionsclú.

Tá dúshláin roimh theicneolaíochtaí glana freisin ó thaobh iomaíochais agus leochaileachtaí sa slabhra soláthair de. I measc 15 phríomhtheicneolaíocht ghlana, is iad ceallraí, modúil fhótavoltacha gréine agus monaraíocht ceall na teicneolaíochtaí is lú ina bhfuil an tAontas iomaíoch i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan, a allmhairíonn thart ar 50 % dá éileamh ar cheallraí agus 94 % dá mhodúl fótavoltach gréine agus dá éileamh ar chealla ón tSín.

Tá dúshlán iomaíoch comhchosúil le feiceáil freisin i slabhraí soláthair iartheachtacha iomadúla. Mar shampla, d'ainneoin na ndleachtanna frithchúitimh a tugadh isteach ar fheithiclí ceallra-leictreacha ón tSín ón 30 Deireadh Fómhair 2024, comhardú trádála diúltach a bhí ann leis an tSín i leith feithiclí paisinéirí in 2025 (EUR 1,2 billiún sa chéad leath den bhliain). Thairis sin, tháinig méadú thart ar EUR 4 bhilliún ar allmhairí páirteanna gluaisteán ón tSín idir 2021 agus 2025 (+66 %) – i gcomparáid le laghdú thart ar 50 % ar onnmhairí chuig an tSín. Is é is cúis leis sin difreálach praghsanna 30-35 % idir táirgí Eorpacha agus táirgí Síneacha. Is cosúil go bhfuil dlús á chur leis an treocht sin. Fógraíodh cheana cailliúint 76 000 post i measc soláthróirí gluaisteán, agus tá suas le 50 % den táirgeadh i mbaol sna 5 bliana amach romhainn.

Chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí sin, bunaítear leis an togra le haghaidh Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht, a glacadh an 4 Márta 2026, creat beart chun dlús a chur leis an acmhainneacht thionsclaíoch agus leis an dícharbónú in earnálacha straitéiseacha, agus athléimneacht agus rathúnas fadtéarmach an Aontais á neartú an tráth céanna.

**An Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht: tosaíocht Eorpach spriocdhírithe agus ceanglais ísealcharbóin a thabhairt isteach mar thaca le hearnálacha straitéiseacha**

Tá **trí phríomhcholún** sa togra: borradh a chur faoin éileamh ar mhargaí tosaigh le haghaidh táirgí glana, cumhacht an mhargaidh aonair a ghiaráil chun infheistíochtaí coigríche ardcháilíochta a mhealladh agus dlús a chur le slógadh tionscadal dícharbónaithe.

**Maidir leis an gcéad cholún**, bunaítear le GDT creat chun margaí tosaigh a fhorbairt le haghaidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin agus táirgí tionsclaíocha a tháirgtear san Aontas. Is é is aidhm don tionscnamh seo dul i ngleic leis an éileamh teoranta a chuireann bac ar uas-scálú na táirgeachta agus a chuireann cosc ar infheistíochtaí dícharbónaithe. Baintear é sin amach trí scála an Mhargaidh Aonair a ghiaráil agus tríd an éileamh ar tháirgí a mhaoinítear le hidirghabháil phoiblí a mhéadú (soláthar poiblí, ceantanna, agus scéimeanna tacaíochta poiblí). De réir an Mheabhráin Míniúcháin ón gCoimisiún, léiríonn na bearta atá beartaithe na treochtaí idirnáisiúnta agus comhlíonann siad oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais trí choincheap thionscnamh an Aontais a leathnú chuig táirgí a mhonaraítear i dtíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leo lena mbunaítear limistéar saorthrádála nó aontas custaim. Ní thugtar rochtain ar nósanna imeachta soláthair phoiblí ach do thairgeoirí ó thíortha a bhfuil rochtain ráthaithe acu.

Tugtar isteach leis an togra ceanglais tionscnaimh ísealcharbóin agus/nó ceanglais maidir le tionscnaimh AE le haghaidh táirgí roghnaithe in earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear:

- Cruach, stroighin (trí choincréit agus moirtéal) agus alúmanam nuair a úsáidtear iad in earnálacha na tógála agus na ngluaisteán;
- Feithiclí leictreacha, feithiclí hibrideacha agus feithiclí breosla-chille agus príomh-chomhpháirteanna;
- Raon teicneolaíochtaí glan-nialasachta.

Leis na ceanglais chothrománacha sin, déantar GDT a idirnascadh le tograí reachtacha leanúnacha eile ina n-úsáidtear coincheapa den sórt sin, amhail an togra maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin astaíochtaí CO2 do ghluaisteáin agus veaineanna agus an togra maidir le feithiclí corparáideacha glana. Bheadh feidhm acu maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí, ceantanna agus scéimeanna tacaíochta poiblí. Ionas nach gcuirfear ualaí riaracháin iomarcacha ar oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair a chumhdaítear leis an nGníomh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht, dhéanfaí comhlíonadh a fhíorú trí chóras féindearbhúcháin. Áirithítear leis an gcur chuige sin ailíniú leis na creataí soláthair phoiblí atá ann cheana agus an grinnscrúdú á theorannú d’oibreoirí ar dámhadh conradh orthu.

Maidir le teicneolaíochtaí glana, thabharfaí ceanglais tionscnaimh an Aontais isteach trí leasuithe ar an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[1], lena n-áiritheofaí go ndéanfaí iad a chomhtháthú go hiomlán sa chreat sin. Sa chleachtas, thacódh treoraíocht atá ann cheana, amhail an treoraíocht maidir le cur chun feidhme Airteagal 28 den Ghníomh[2], mar aon le taithí ábhartha ar chur chun feidhme, lena n-áirítear i gcur i bhfeidhm rialacha tionscnaimh, le cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas sin.

---

[1] Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Treoraíocht maidir le cur chun feidhme Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1735 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724.

Is é is aidhm don chreat sin comharthaí éilimh intuartha a chruthú le haghaidh táirgí tionsclaíocha ísealcharbóin agus, ag an am céanna, acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a neartú agus slabhraí luacha straitéiseacha a threisiú i gcomhréir leis na moltaí i dtuarascáil Draghi[3].

Tá an cur chuige dírithe ar earnálacha straitéiseacha ina bhfuil costais arda dícharbónaithe, agus, gan na gníomhaíochtaí a mholtar sa Ghníomh um Dhlús a Chur leis an Dícharbónú Tionsclaíoch, bheadh tionchair shuntasacha ar phraghsanna iartheachtacha, rud a mhéadódh an riosca go gclisfeadh ar an margadh. Tá sé leabaithe freisin laistigh de chlár oibre simpliúcháin, ag cuíchóiriú na rialacha agus na nósanna imeachta atá ann cheana nuair is féidir agus ag cur leo i gcás inar gá

Maidir leis **an dara colún**, bunaítear leis an togra coinníollacha soiléire le haghaidh infheistíochtaí coigríche is mó ná EUR 100 milliún in earnálacha atá ag teacht chun cinn (ceallraí, feithiclí leictreacha, fótavoltachas agus amhábhair chriticiúla) chun a áirithiú go nginfidh na hinfheistíochtaí sin breisluach inláimhsithe, lena n-áirítear poist áitiúla ardcháilíochta a chruthú, an nuálaíocht a chur chun cinn agus comhtháthú níos láidre i slabhraí luacha Eorpacha. Ag an am céanna, féachann sé le cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir colúin éagsúla an tionscnaimh chun tarraingteacht an Aontais d'infheistíochtaí straitéiseacha a chaomhnú agus, ag an am céanna, an riosca a bhaineann le hatreorú infheistíochta chuig tíortha comhpháirtíochta a bhaineann tairbhe as rochtain fhabhrach ar an Margadh Aonair a mhaolú.

Faoin **tríú colún**, déanann an togra an próiseas ceadúcháin le haghaidh tionscadail mhonaraíochta a shimpliú agus a dhigitiú trí chur chuige 'tionscadal amháin, nós imeachta digiteach amháin'. Cuireann sé dlús freisin leis an gcreat deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail dícharbónaithe dianfhuinnimh agus tacaíonn sé le braislí tionsclaíocha a fhorbairt trí limistéir thiomnaithe luathaithe tionsclaíocha a ainmniú i ngach Ballstát.

---

[3] Draghi, M. (2024). *The future of European competitiveness – In-depth analysis and recommendations (Part B)* [Todhchaí iomaíochais na hEorpa – Grinnanailís agus moltaí (Cuid B)]

**Ceisteanna le plé**

- An leor na bearta sa chreat atá beartaithe, in bhur dtuairim, chun dlús a chur leis an acmhainneacht thionsclaíoch agus leis an dícharbónú in earnálacha straitéiseacha san Aontas agus, ag an am céanna, comharthaí éilimh atá láidir go leor agus cinnteacht infheistíochta a chur ar fáil chun iomaíochas thionscail straitéiseacha an Aontais a athbhunú?

- An measann sibh gur féidir leis an tosaíocht Eorpach spriocdhírithe agus na critéir ísealcharbóin atá beartaithe sa chaiteachas poiblí tacú go héifeachtach le hearnálacha straitéiseacha chun acmhainneacht mhonaraíochta laistigh den Aontas a chaomhnú agus a leathnú, leis an ualach riaracháin breise is lú is féidir?